Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 25

# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# An Réamhrá

Mar Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas ceangailte leis seo ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus ar íocaíocht deontas áirithe.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Tá barrachas €2.016 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas sa chás seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar feabhsúcháin ar áitreabh léasach ar ráta 5% in aghaidh na bliana ar bhonn na líne dírí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Tugtar faoin bhfreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Stiúrthóir an Choimisiúin. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú go leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhíse comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta den Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialúcháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus bainistiú***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an fhoireann ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta an fhoireann ardbhainistíochta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid
- córas bainistithe riosca ag oibriú laistigh den Choimisiún
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí faoi rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail

***Soláthar phoiblí***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte in 2018, cé is moite de chúig shocrú soláthair dar luach €188,711 (gan CBL) a áiríodh i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002. Is iad sin:

- riachtanas práinneach amháin dar luach €58,935
- conradh soláthair reatha amháin ar cuireadh síneadh leis/a tar-rolladh dar luach €45,440
- trí cheannachán dar luach €84,336 san iomlán a bhain le socruithe le soláthróirí aonair

**Iniúchadh inmheánach, agus an coiste iniúchóireachta agus riosca**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún (atá á seachfhoinsiú faoi láthair) ag a bhfuil foireann ar cuireadh an oiliúint chuí orthu, agus a oibríonn de réir cairt i scríbhinn a cheadaigh mé. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Coimisiún nochta dóibh mar bhonn agus taca d'obair na feidhme agus bunaítear a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, a cheadaímse, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Rinneadh roinnt moltaí san tuairisc ar an athbreithniú iniúchadh inmheánach ar oibríochtaí TF faoi éifeachtacht oibríochta na gcóras TF a deineadh agus cuireadh na moltaí ar fad i bhfeidhm. Tá an eagraíocht ag ullmhú freisin le hascnamh go dtí Córas Roinnte Seirbhíse TF na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tugadh faoi obair shuntasach cheana féin chun ullmhú don aistriú sin agus meastar go gcuirfear an t-ascnamh i gcrích faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019.

Ghlac an Coimisiún leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)*, ina gceanglaítear ar an gCoiste Iniúchóireachta teacht le chéile ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana. De bharr folúntais san Choimisiún, tháinig an coiste iniúchóireachta le chéile dhá huair i 2018.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Coimisiún córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhíonn ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an rioscaí sin agus, a mhéad ab indéanta, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár riosca in úsáid ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Choimisiúin agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an fhoireann ardbhainistíochta an clár go tréimhsiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as na rialuithe a oibriú ar chomhaltaí foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choimisiún, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tarraingíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na foirne ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Fadhbanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2018 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

**Laurence Bond**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
13 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

# Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,703 | 4,664 | 5,319 |
| | **Ollchaiteachas** | **6,703** | **4,664** | **5,319** |
| | *Asbhaint* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **115** | **92** | **83** |
| | **Glanchaiteachas** | **6,588** | **4,572** | **5,236** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,015,982** | **1,285,849** |

**Laurence Bond**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
29 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibríochta 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 2,302 | 2,254 |
| Neamhphá | | 2,362 | 3,065 |
| **Ollchaiteachas** | | **4,664** | **5,319** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasa-i-gcabhair** | | **92** | **83** |
| **Glanchaiteachas** | | **4,572** | **5,236** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (10) | | |
| Dímheas | 178 | | |
| | | 168 | (371) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhrú dúnta | | (18) | (112) |
| **Caiteachas díreach** | | **4,722** | **4,753** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí ghaolmhara (nóta 1.1) | | 5 | 6 |
| **Costas chláir ghlan** | | **4,727** | **4,759** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 5 | 6 |
| | **5** | **6** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 1,852 | 2,020 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 294 | 264 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 20 | 15 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.6 | 110 | (286) |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 424 | (7) |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Rótharraingt bhainc | 2.3 | 21 | (356) |
| Speansais fhabhraithe | | 136 | 124 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 109 | 85 |
| Dliteanais reatha iomlána | | 266 | (147) |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 158 | 140 |
| **Glansócmhainní** | | **2,010** | **2,160** |
| | | | |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,010** | **2,160** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Glansócmhainní ag 1 Eanáir | | | 2,160 | 1,677 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 6,588 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,016) | | |
| Vóta glan | | | 4,572 | 5,236 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 5 | 6 |
| Costas chláir glan | | | (4,727) | (4,759) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,010** | **2,160** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Feabhsúcháin ar áitreabh | Troscán agus feistis | Trealamh TF agus oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ollsócmhainní | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 1,736 | 337 | 289 | 2,362 |
| Breiseanna | — | 2 | 8 | 10 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 1,736 | 339 | 297 | 2,372 |
| Dímheas Carntha | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 160 | 66 | 116 | 342 |
| Dímheas don bhliain | 87 | 34 | 57 | 178 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 247 | 100 | 173 | 520 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **1,489** | **239** | **124** | **1,852** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 1,576 | 271 | 173 | 2,020 |

## 2.3 Banc agus airgead

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid PMG | (218) | 108 |
| Iarmhéideanna cuntas bainc eile | 197 | 248 |
| | **(21)** | **356** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 16 | 15 |
| Párolla íoctha roimh ré | 4 | — |
| | **20** | **15** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 35 | 33 |
| Árachas Sóisialta Pá-choibhneasta | 24 | 23 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 41 | 21 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 8 | 7 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | 1 |
| | 109 | 85 |

## 2.6 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (2,126) | (1,000) |
| Barrachas le géilleadh | 2,016 | 1,286 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | **(110)** | **286** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair | 20 | 15 |
| | 20 | 15 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Rótharraingt bhainc | (21) | 356 |
| Dlite don Stát | (109) | (85) |
| Iarmhéideanna sochair | — | — |
| | (130) | 271 |
| | **(110)** | **286** |

## 2.7 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 1,571 | 1,833 |
| Cláir deontais neamhchaipitil | 283 | 222 |
| Dlí agus tionscadail eile | 83 | 159 |
| Ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí iomlána | **1,937** | **2,214** |

Nóta [a] Is ionann ceangaltas an léasa áitribh agus €261,818 in aghaidh na bliana go dtí 2024.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar Chaiteachas

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháiin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 3,610 | 2,302 | 2,254 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 80 | 38 | 50 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,927 | 1,275 | 1,370 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 122 | 49 | 41 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 165 | 158 | 330 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 500 | 478 | 1,071 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 299 | 364 | 203 |
| | | **6,703** | **4,664** | **5,319** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000).

*i.* *Tuarastail, pánna agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €3.61mIlliún, toradh: €2.302 mIlliún

Bhí coigilteas €1.308 mIlliún sa chaiteachas ar thuarastail, pánna agus liúntais mar nár bhain an Coimisiún a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán, 64 duine, amach i 2018. Bhí 45 comhalta foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún ag tús na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí 49 comhalta foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún. Astu sin, earcaíodh seisear sa cheathrú dheireanach den bhliain, mar sin ní fheicfear an tionchar iomlán costais go dtí 2019.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €1.927 mIlliún, toradh: €1.275 mIlliún

Bhí coigilteas €652,000 sa chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha mar go raibh leibhéil ghníomhaíochta clár níos lú ná mar a tuaradh toisc go raibh an Coimisiún ag feidhmiú faoi bhun a lín creat rialaithe fostaíochta iomlán in 2018.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Fíoraithe** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí a bhain le pinsin as luach saothair seirbhíse poiblí | 115 | 90 | 75 |
| 2. | Aisíocaíochtaí taistil Eorpaigh | — | — | 6 |
| 3. | Ilghnéitheach | — | 2 | 2 |
| | | **115** | **92** | **83** |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **49** | **45** |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 2,059 | 2,023 |
| Liúntais | 30 | 22 |
| ÁSPC an Fhostóra | 213 | 209 |
| **Pá iomlán** | **2,302** | **2,254** |

### 5.3 Íocaíochtaí liúntais

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | Íocaíocht aonair is mó |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Liúntais | 3 | 2 | 10,955 | 10,914 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoi alt 40 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i mbun imeachtaí faoi dhlí an chomhionannais agus/nó chearta an duine.

I rith 2018, chinn an Coimisiún slánaíocht a dheonú ar chliant alt 40 amháin i gcás imeachtaí san Ard-Chúirt.

In 2017, dheonaigh an Coimisiún slánaíocht amháin (i gcomhpháirt agus go leithleach) ar thriúr cliant alt 40 (cé nár lean ach beirt chliant leis an gcás) i gcás imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg.  Réitíodh an cás sin in 2019 agus níor iarraidh ná níor damhadh aon chostais in aghaidh an Choimisiúin.

Ar 15 Márta 2019 cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach slánaíocht faoi alt 40 mar a dheonaigh an Coimisiún i rith 2017 agus 2018.